

Coimeád Cuntas agus Cosaint Sonraí

Réasúnacht

Cuireadh an polasaí seo le chéile le cinntiú go bhfuil foireann agus Bord Bainistíochta na scoile ag cloí leis an méid atá leagtha amach san Acht Oideachas (Alt 9)

Ceanglaíonn an tAcht Oideachas (Leas) ar phríomhoidí

1. Scoil a bhfuil dalta ag aistriú ann a chur ar an eolas faoi aon fhadhbanna a bhaineann le tinreamh scoile a bhí ag an dalta sin, agus aon ábhair cuí eile a bhaineann le dul chun cinn oideachasúil an dalta.
2. Cuntas a choimeád ar thinreamh an dalta agus na cúiseanna nach raibh siad i láthair.
3. An t-Oifigeach Leasa Oideachas a chur ar an eolas, i scríbhinn, nuair a bhíonn dalta ar fionraí ar feadh tréimhse níos faide ná 6 lá nó nuair a bhíonn dalta as láthair ar feadh níos mo nó 20 lá scoile i mbliain scoile amháin nó nuair nach mbíonn an dalta ag freastal ar an scoil go rialta i dtuairim an phríomhoide.

Is bunchloch an dea-theagasc é cuntas a choimeád ar an áit a bhfuil daltaí maidir lena bhfoghlaím.

An Gaol le meon na scoile

Déanann Scoil Oilibhéir Pluincéid Rann na Feirste iarracht cur ar chumas gach pháiste a p(h)oitéinseal a fhorbairt i dtimpeallacht ina ndéantar cúram dó/di agus ina gcuirtear luach ar thallannacha gach páiste. Is féidir an obair sin a dhéanamh ar an mbealach is fearr nuair a bhíonn leibhéal ard oscailteacha agus comhoibrithe idir an fhoireann, na tuismitheoirí agus na daltaí.

Aidhmeanna

Seo a leanas na h-aidhmeanna atá ag an scoil maidir le Cuntais Daltaí:

- Cuntas a choimeád ar an dul chun cinn oideachasúil atá á dhéanamh ag dalta chun cur ar chumas tuismitheoirí agus múinteoirí tacú le foghlaim an pháiste.
- Tuairisciú ciallmhar a dhéanamh do thuismitheoirí ar dhul chun cinn oideachasúil a bpáiste.
- Nósanna imeachta soiléir praiticiúla a bhunú a chuirfidh ar chumas tuismitheoirí/caomhnóirí (iardhaltaí os cionn 18 mbliana d'aois) teacht ar chuntais a bhaineann le dul chun cinn oideachasúil.
- A chinntiú go bhfuil an teacht sin ar chuntais le fáil ar bhealach a bhfuil an scoil in ann a riaradh.
- Tuiscint shoiléir a bhunú idir an bhainistíocht, an fhoireann agus na tuismitheoirí, ar na cineálacha cuntais a choimeádtar agus ar conas ar chóir na cuntais sin a chur ar fáil.
- A chinntiú go gcloíonn an scoil le ceanglais reachtaíochta agus í ag fanacht le heisiúint na dtreoiríní maidir leis an 'mbealach forordaithe' a ndéantar tagairt dó in Alt 9 den Acht Oideachas
- A chinntiú go gcloíonn an scoil le ceanglais/prionsabail an dea-chleachtais a mhéid agus is féidir agus í ag fanacht le heisiúint na dtreoiríní.

Coimeád Cuntais

Tuarascáil Bhliantúil – Coinnítear coip san próifíle.

Trialacha caighdeánaithe – Belfield, MIST, Trialacha Dhroim Chonrach – Gaeilge, Mata, Litriú agus Béarla. Coinnítear i bhfillteán iad agus ar an gcóras Aladdin freisin.

Trialacha deartha ag an múinteoir – Coinnítear na torthaí i leabhair an mhúinteoir.

Trialacha Diagnóiseacha – Asten Index – Coinnítear i bpróifíle an pháiste é.

Samplaí de shaothar an Dalta – Coinnítear samplaí de obair na páistí i bhfillteán. Cuirtear abhaile é ag deireadh na bliana.

Pleananna Oideachas Aonair/Cláir Phróifíle agus Foghlama Aonair – Coinnítear iad i bpróifíle na bpáistí.

Cuntais ar thinreamh – Sa leabhar rolla. Coinnítear na nótaí óna tuismitheoirí i gclúdach litreach ar chúl an leabhar rolla. Beidh an tinreamh ar fáil ar chóras Aladdin freisin.

Measúnachtaí Síceolaíochta – Coinnítear iad i bhfillteán sa comhadchaibinéad.

Tarchuir le haghaidh Tacaíocht Foghlama – Má dhiúltaíonn tuismitheoir a bpáiste a ligean amach chuig múinteoir tacaíocht foghlamtha caithfidh siad é a chur i scríbhinn agus coinnífead i bpróifíle an pháiste é.

Foirm Chlárúcháin – Coinnítear na foirmeacha seo i bpróifíle an pháiste.

Cuntais ar uaireanta nuair a sháraigh an pháiste an cód iompair – Coinnítear cuntas ar uaireanta nuair a sháraigh an pháiste an cód iompair sa leabhar smachta.

Cuntas ar aon timpistí – Coinnítear cuntas ar thimpistí i gcóipleabhar speisialta san oifig.

Cead an scoil a fhágáil ag am lón – Cuirfidh an tuismitheoir an t-iarratas i scríbhinn agus cuirfead i bpróifíl an pháiste é.

Treoirínite maidir le riaradh cuntas

- Bhéarfar le fios do thuismitheoirí sa lámhleabhar scoile go bhfuil an scoil ag coinneal na cuntais seo thuas luaite.
- Gheobhaidh an scoil cead na dtuismitheoirí i scríbhinn sula dtabharfar cead do dhuine ar bith teacht ar chuntas na ndaltaí m.sh. meánscoil
- Gheobhaidh an scoil cead na dtuismitheoirí sula dteann páiste amach ag fiaclóir, banaltra, srl.
- Caithfead iarratas a dhéanamh i scríbhinn chuig na scoile má tá sonraí de dhíth.
- Tá leagan amach caighdeánach ann do thuirisc scoile do thuismitheoirí. Cuirfidh an múinteoir Tacaíocht Foghlamtha nóta leis an tuairisc má tá an páiste ag freastal uirthi.
-

- Beidh tuairimí na múinteoirí sna tuairisc scoile caighdeánach trasna na foirne. Beidh an tuairisc sínithe ag an múinteoir ranga agus ag an bpríomhoide. Coinnítear cóip do seo i bpróifíl an pháiste. Bhéarfad na tuairiscí do na páistí le tabhairt abhaile. Má tá na tuismitheoirí ag iarraidh iad a phlé déanfar coinne leo le seo a dhéanamh
- Beidh an scoil sásta cóip breise den tuairisc scoile a chur chuig tuismitheoirí atá scartha má iarrann siad é.
- Beidh gach múinteoir freagrach as a chinntiú go bhfuil na sonraí uilig in ord ag deireadh gach bliain. Má tá múinteoir as láthair beidh an príomhoide freagrach.
- Coinníonn gach múinteoir próifíle a rang féin sa comhadchaibinéad. Coinnítear eolas ar iarscolairí i bpríos atá faoi ghlas in oifig na scoile.
- Déanfar na leabhair trialacha a scríosadh i ndiaidh na dtrialacha. Coinnítear na sonraí eile go bhfuil an pháiste 18.
- Coinnítear nóta sa scoil faoi cuntais ar bith a tugadh amach.
- Coinnítear cuntais ar pháistí a d'aistrigh go scoil eile go bhfuil 18bl bainte amach acu.
- Faightear cead óna tuismitheoirí sula dtugtar na cuntais do pháirtí eile m.sh. scoil eile.
- Ní thugtar amach aon eolas do dhuine ar bith nach bhfuil cláraithe sa scoil ar an bhfón nó sa phost. Beidh orthu teacht isteach na scoile.
- Coinnítear CV's, iarratais ar phoist (do fhoireann na scoile) i bhfillteáin sa comhadchaibinéad.

Critéir Rathúlacht

Beidh a fhios againn go bhfuil an polasaí seo ag obair:

- nuair a chuireann na múinteoirí leis an cuntas gach bliain agus nuair atá muid ábalta eolas a thabhairt do thuismitheoirí faoi dul chun cinn na bpáistí agus má féidir stóráil na gcuntais a bhainistiú.

Ról & Freagracht

Tá a fhios ag gach múinteoir cén ról agus freagracht atá orthu ó thaobh coinneáil agus stóráil na cuntais. Cuirfear na tuismitheoirí ar an eolas faoi na nósanna imeachta ar chóir díofa a leanúint sa lámhleabhar do thuismitheoirí.

Beidh an múinteoir a bhí ag déileáil leis na páistí a d'aistrigh go scoil eile freagrach as na fillteáin a stóráil go sábháilte.

